C/2024/1491

13.2.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11420 – BLACKSTONE / VISTA / ADAPT2)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1491)

1. An 5 Feabhra 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Blackstone Inc. ('Blackstone', na Stáit Aontaithe),

— Vista Equity Partners Management, LLC ('Vista', na Stáit Aontaithe), faoi rialú deiridh VEP Group, LLC (na Stáit Aontaithe),

— Adapt2 Solutions, Inc. agus a fhochuideachta Adapt2 Services LLC (dá ngairtear le chéile 'Adapt2', an dá ghnóthas lonnaithe sna Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Blackstone agus Vista rialú comhpháirteach indíreach ar Adapt2 de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann agus an chomhfhiontair:

— Is bainisteoir domhanda sócmhainní malartacha é Blackstone,

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Vista agus tá sé dírithe ar mhaoiniú le haghaidh bogearraí fiontair agus le haghaidh gnólachtaí sna hearnálacha a bhaineann le sonraí agus teicneolaíocht,

— Soláthraíonn Adapt2 bogearraí le haghaidh trádáil fuinnimh agus socraíocht cumhachta le haghaidh oibríochtaí oifige tosaigh agus oibríochtaí cúloifige le haghaidh rannpháirtithe mórdhíola sa mhargadh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11420 – BLACKSTONE / VISTA / ADAPT2

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË